2025.M91T

2025L462C1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Gairmchlár na hArdteistiméireachta, 2025

# Scrúdú na Nascmhodúl

## Comhleibhéal

Dé Céadaoin 30 Aibreán Maidin 10:00 - 12:30

160 marc

| | |
|---|---|
| **Scrúduimhir** | |
| **Dáta Breithe** | / / |

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh na freagraí go léir sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an leabhráin. Má bhaineann tú úsáid as, lipéadaigh an obair go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

Tá **trí** roinn sa scrúdú seo, mar a leanas:

### Roinn A – Closamharc – Éigeantach

Tá ocht gceist ann. Freagair **na hocht gceist go léir**. 30 marc

### Roinn B – Cás-Staidéar – Éigeantach

Tá trí cheist ann. Freagair **na trí cheist go léir**. 30 marc

### Roinn C – Ceisteanna Ginearálta – Éigeantach

Tá seacht gceist ann. Freagair **ceithre cheist ar bith** díobh. 100 marc

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.**
**Ná húsáid peann dearg, peann luaidhe ná peann daite ar bith eile.**

| **Roinn A** | **Closamharc** | **30 marc** |
|---|---|---|

- Beidh **trí** nóiméad agat chun na ceisteanna i Roinn A a léamh.
- Taispeánfar DVD duit ina bpléifear an téama Obair Dheonach i Siopa Carthanachta.
- Feicfidh tú an DVD **trí** huaire.
  - Ar dtús feicfidh tú ó thús deireadh é.
  - Taispeánfar ina **thrí** chuid ansin é. I ndiaidh gach cuid a thaispeáint, tabharfar am duit chun do fhreagraí a scríobh sa roinn chuí den fhreagarleabhar.
  - Feicfidh tú an DVD ina iomláine arís.

Freagair **gach ceann de na hocht gceist** ar na leathanaigh seo a leanas. Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí.

**Cuid 1**

**C.1** Ainmnigh bainisteoir an tsiopa carthanachta. **(1 mharc)**

**C.2** Cén fáth ar cheap an múinteoir gur smaoineamh maith é cainteoir ó eagraíocht charthanachta a fháil? **(2 mharc)**

**C.3** Mínigh an fáth ar ghlac an bainisteoir leis an gcuireadh chun labhairt leis an rang GCAT. **(3 mharc)**

**Cuid 2**

**C.4** Liostaigh na poist a bhaineann leis an siopa carthanachta. **(2 mharc)**

**C.5** Mínigh an tairbhe a bhaineann na scoláirí as obair dheonach a dhéanamh. **(4 mharc)**

**C.6** **(i)** Céard iad na hacmhainní atá ag teastáil don chur i láthair?

**(ii)** Cén fáth a bhfuil sé tairbheach TFC a úsáid agus cur i láthair á dhéanamh? **(6 mharc)**

**Cuid 3**

**C.7** Conas is féidir le hobair dheonach cur le scileanna sóisialta agus le rannpháirtíocht sa phobal? **(6 mharc)**

**C.8** Cén fáth ar sampla maith é an siopa carthanachta d’fhiontar sóisialta? **(6 mharc)**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

## Gleann na hAille

Tá Gleann na hAille, ar baile margaidh é, lonnaithe i lár tíre in Éirinn agus is féidir dul ar an mótarbhealach go héasca uaidh, rud a fhágann go bhfuil nasc idir é agus dhá chathair mhóra. Tá oidhreacht shaibhir ag an mbaile ó thaobh na hailtireachta agus na staire de agus caisleán agus gairdíní ann a mheallann turasóirí sa samhradh. Tá cumann staire an-ghníomhach sa bhaile agus tá roinnt láithreán aitheanta acu a chuirfeadh le hacmhainneacht turasóireachta an bhaile dá ndéanfaí iad a fhorbairt.

Tá páirc ghnó agus nuálaíochta ar imeall bhaile Ghleann na hAille. Tá féidearthacht ann breis forbartha a dhéanamh in earnáil na cógaisíochta agus an bhia. Tá iarrachtaí ar bun ag Fiontraíocht Éireann agus ag an GFT le fiontair oiriúnacha a fháil le dul isteach sna haonaid ghnó dheireanacha le cinntiú go mbeidh deiseanna sásúla fostaíochta ann do dhaoine áitiúla. Tá cúrsaí a bhaineann leis an gcógaisíocht agus leis an mbia á gcur ar fáil sna hionaid oideachais agus oiliúna sa cheantar agus tá mic léinn ó lasmuigh den bhaile ag freastal orthu.

Tá cúig bhunscoil ar an mbaile agus meánscoil mhór chomhoideachais amháin. Tá trí cinn de na bunscoileanna i lár an bhaile. Le linn am fágála agus am bailithe ag na scoileanna, bíonn brú mór tráchta ann agus ní bhíonn muintir an bhaile in ann dul tríd an mbaile agus iad ar a mbealach chun na hoibre nó chuig gnólachtaí eile ar an mbaile. Tá gearáin déanta ag úinéirí na ngnólachtaí go bhfuil drochthionchar aige sin ar an líon custaiméirí a bhíonn acu, ar dhíolachán agus ar a gcumas chun baill foirne a fháil. Tá níos lú gnólachtaí á gcur ar bun i lár an bhaile de bharr an bhrú tráchta, mórdhíoltóirí idirnáisiúnta ina measc a roghnaigh bailte eile.

Cuireadh Foireann Feabhsaithe Ghleann na hAille ar bun le beocht agus brí a choinneáil i lár an bhaile agus tá na príomhpháirtithe leasmhara áitiúla go léir páirteach inti. Ag an gcéad chruinniú a bhí acu, aithníodh an-chuid fadhbanna – na háiteanna ar an mbaile a mbíonn brú tráchta ina measc. Pléadh forbairtí ar acmhainneacht turasóireachta an bhaile freisin chomh maith leis na tionscail chuí a thabhairt chun na háite.

Thug Foireann Feabhsaithe Ghleann na hAille faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí chun tuiscint a fháil ar mholtaí agus ar ábhair imní phobal na háite maidir le lár an bhaile a fhorbairt. Rinneadh suirbhé i measc an phobail lena dtuairimí a fháil.

Sna sála ar an anailís a rinne Foireann Feabhsaithe Ghleann na hAille ar na moltaí a fuair siad, tá na moltaí curtha in ord tosaíochta acu agus costáil déanta acu orthu, agus tá roinnt pleananna gnímh cruthaithe acu chun na tionscadail sin a chur ar bun. Cuireann siad muintir an bhaile ar an eolas faoin dul chun cinn atá á dhéanamh acu trí liosta seoltaí ríomhphoist, suíomh gréasáin ar leith agus na meáin shóisialta. Baineann siad úsáid as na hardáin sin freisin chun cúntóirí deonacha a lorg le cuidiú le gnéithe áirithe de na tionscadail. Bíonn siad ag impí ar ghnólachtaí áitiúla gan dúnadh le linn do na réitigh ar an mbrú tráchta a bheith á gcur i bhfeidhm. Cur chuige comhoibríoch atá i múnla Fhoireann Feabhsaithe Ghleann na hAille atá i ndiaidh réitigh fhónta a chur chun cinn le lár an bhaile a chothú agus a athbheochan.

Freagair **na trí cheist go léir.**

**C.1** Is éard is anailís LLDB ann ná staidéar a dhéantar chun Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí atá in eagraíocht nó i gceantar a shainaithint. Sainaithin láidreacht **amháin**, laige **amháin**, deis **amháin** agus bagairt **amháin** i mbaile Ghleann na hAille, agus úsáid á baint as an gcás-staidéar agat. **(6 mharc)**

**C.2** **(i)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh taighde margaidh á dhéanamh ag an gcoiste?

**(ii)** Déan cur síos ar **thrí** shlí ar féidir tuairimí mhuintir Ghleann na hAille a fháil mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí.

**(iii)** As na slite a ndearna tú cur síos orthu i gcuid (ii) thuas, cén bealach is éifeachtaí dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra. **(12 mharc)**

**C.3** **(i)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara i dtionscadail nuair atá plean gnímh á fhorbairt?

**(ii)** Rinne muintir na háite moltaí chun lár an bhaile a fheabhsú. Sainaithin moladh sonrach **amháin** a d'fhéadfadh muintir na háite a dhéanamh agus forbair plean gnímh do do mholadh.

**(iii)** Cén fáth a ndéanfadh muintir Ghleann na hAille a bplean gnímh a mheas? **(12 mharc)**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

Tá seacht gceist sa roinn seo. Tá 25 marc ag gabháil le gach ceist. Freagair **ceithre cheist ar bith**.

Chun cuidiú leat na ceisteanna a roghnú lena bhfreagairt agus iad a aimsiú sa leabhrán, is iad seo a leanas na ceisteanna go léir agus réimse na leathanach ar a bhfuil gach ceist. Freagair na ceisteanna a roghnaíonn tú ar na leathanaigh chuí sa leabhrán seo.

**C.1** **Lgh 16 go 18**

*Déan machnamh ar do cheantar áitiúil.*

**(a)** Luaigh **dhá** chúis, dar leat, a bhfuil do scoil lonnaithe san áit a bhfuil sí.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le háiseanna fóillíochta agus le gníomhaíochtaí eagraithe do dhéagóirí i gceantair áitiúla.

**(c)** Teastaíonn ó ghrúpa i do cheantar áitiúil áiseanna do dhaoine óga a fheabhsú. Dear ceistneoir, a bhfuil **cúig** cheist ann, a d'úsáidfeadh an grúpa seo chun taighde a dhéanamh.

**(d)** Céard iad na gnéithe ar ghá don ghrúpa i gcuid (c) machnamh a dhéanamh orthu chun a bheith cinnte go mbeadh rath ar an taighde?

**C.2** **Lgh 19 go 21**

*Iarradh ort imscrúdú gairme de do rogha féin a dhéanamh.*

**(a)** **(i)** Ainmnigh **dhá** ábhar Ardteistiméireachta a bhfuil staidéar á dhéanamh agat orthu.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar conas a chabhraigh na hábhair sin leat do thaithí oibre a chur i gcrích.

**(b)** Liostaigh **trí** thréith a lorgaíonn fostóirí agus iarrthóirí ar phoist á meas acu.
Mínigh an fáth, dar leat, a bhfuil **gach** tréith tábhachtach.

**(c)** Déan cur síos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag do thaithí oibre/scáthfhoghlaim ar an ngairm a roghnóidh tú.

**(d)** Déan cur síos ar **thrí** fhoinse eolais a d'úsáid tú agus imscrúdú ar do rogha gairme á dhéanamh agat. Tabhair cúis le **gach** foinse a roghnaigh tú.

**C.3** **Lgh 22 go 24**

*Domhan na hoibre.*

**(a)** Cén fáth a n-úsáidfeadh scoláire CV chun cur isteach ar phost?

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí a bhfuil domhan na hoibre difriúil leis an scoil.

**(c)** Cén fáth ar cabhair é ról atá sainithe go soiléir a bheith ag duine san ionad oibre?

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhreagracht dhlíthiúla a bhíonn ar fhostóirí nuair a bhíonn oibrithe faoi bhun 18 mbliana d'aois á bhfostú acu.

**C.4** **Lgh 25 go 27**

*Thug do rang Nascmhodúl cuairt ar fhiontar gnó áitiúil.*

**(a)** Ainmnigh fiontar gnó ar thug tú cuairt air. Sainaithin an táirge/an tseirbhís a chuireann sé ar fáil.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** réimse thábhachtacha eolais a cuireadh in iúl duit le linn na cuairte sin.

**(c)** Céard iad na bearta ba cheart a dhéanamh le cinntiú go ndéantar an chuairt a eagrú agus a rith go héifeachtach?

**(d)** Déan cur síos ar na dúshláin atá roimh an fiontar gnó seo agus conas is féidir iad a shárú.

**C.5** **Lgh 28 go 30**

*Iarradh ar do rang Nascmhodúl airgead a bhailiú ar son carthanachta de bhur rogha.*

**(a)** Ullmhaigh an clár don chéad chruinniú chun an ghníomhaíocht bailithe airgid a phleanáil agus a eagrú.

**(b)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach pleanáil i gcomhair na gníomhaíochta seo?

**(c)** Céard iad na buntáistí a bhaineann le tionscadal ranga a dhéanamh seachas tionscadal aonair a dhéanamh?

**(d)** Déan cur síos ar **cheithre** réimse eolais a chuirfeá i gcorp na tuarascála faoin ngníomhaíocht seo.

**C.6** **Lgh 31 go 33**

*A bhuí leis an teicneolaíocht, tá daoine nasctha le chéile i ndomhan an ghnó sa lá atá inniu ann.*

**(a)** Cén fáth a bhfuil scileanna Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) tábhachtach i ndomhan an ghnó sa lá atá inniu ann?

**(b)** Liostaigh **ceithre** shlí ar úsáid tú TFC le linn GCAT.

**(c)** Déan plé ar **dhá** bhuntáiste agus ar **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáid i gcás fostaí atá ag obair ón mbaile.

**(d)** Conas is féidir le gnólacht an costas a mhaoiniú a bhaineann le TFC a uasghrádú agus a fheabhsú ina n-eagraíocht?

**C.7** **Lgh 34 go 36**

*Tá ról fíorthábhachtach ag ceardchumainn i ndea-chaidreamh tionsclaíoch a chothú.*

**(a)** **(i)** Céard is ceardchumann ann?

**(ii)** Ainmnigh ceardchumann **amháin**.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste d'fhostaí a bhaineann le bheith mar bhall de cheardchumann.

**(c)** Céard iad na freagrachtaí a bhíonn ar fhostóirí agus iad ag fostú oibrithe ina ngnólacht? **Ceithre** phointe ag teastáil.

**(d)** Mínigh **trí** thionchar ar ghnólacht de bharr droch-chaidreamh tionsclaíoch idir oibrithe agus an lucht bainistíochta.

**C.1** **25 marc**

*Déan machnamh ar do cheantar áitiúil.*

**(a)** Luaigh **dhá** chúis, dar leat, a bhfuil do scoil lonnaithe san áit a bhfuil sí. **(4 mharc)**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le háiseanna fóillíochta agus le gníomhaíochtaí eagraithe do dhéagóirí i gceantair áitiúla. **(4 mharc)**

**(c)** Teastaíonn ó ghrúpa i do cheantar áitiúil áiseanna do dhaoine óga a fheabhsú. Dear ceistneoir, a bhfuil **cúig** cheist ann, a d'úsáidfeadh an grúpa seo chun taighde a dhéanamh.

**(8 marc)**

**(d)** Céard iad na gnéithe ar ghá don ghrúpa i gcuid (c) machnamh a dhéanamh orthu chun a bheith cinnte go mbeadh rath ar an taighde? **(9 marc)**

**C.2** **25 marc**

*Iarradh ort imscrúdú gairme de do rogha féin a dhéanamh.*

**(a)** **(i)** Ainmnigh **dhá** ábhar Ardteistiméireachta a bhfuil staidéar á dhéanamh agat orthu.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar conas a chabhraigh na hábhair sin leat do thaithí oibre a chur i gcrích. **(4 mharc)**

**(b)** Liostaigh **trí** thréith a lorgaíonn fostóirí agus iarrthóirí ar phoist á meas acu. Mínigh an fáth, dar leat, a bhfuil **gach** tréith tábhachtach. **(6 mharc)**

**(c)** Déan cur síos ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag do thaithí oibre/scáthfhoghlaim ar an ngairm a roghnóidh tú. **(6 mharc)**

**(d)** Déan cur síos ar **thrí** fhoinse eolais a d'úsáid tú agus imscrúdú ar do rogha gairme á dhéanamh agat. Tabhair cúis le **gach** foinse a roghnaigh tú. **(9 marc)**

**C.3** **25 marc**

*Domhan na hoibre.*

**(a)** Cén fáth a n-úsáidfeadh scoláire CV chun cur isteach ar phost? **(4 mharc)**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a bhfuil domhan na hoibre difriúil leis an scoil. **(4 mharc)**

**(c)** Cén fáth ar cabhair é ról atá sainithe go soiléir a bheith ag duine san ionad oibre? **(8 marc)**

**(d)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhreagracht dhlíthiúla a bhíonn ar fhostóirí nuair a bhíonn oibrithe faoi bhun 18 mbliana d'aois á bhfostú acu. **(9 marc)**

**C.4** **25 marc**

*Thug do rang Nascmhodúl cuairt ar fhiontar gnó áitiúil.*

**(a)** Ainmnigh fiontar gnó ar thug tú cuairt air. Sainaithin an táirge/an tseirbhís a chuireann sé ar fáil. **(4 mharc)**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** réimse thábhachtacha eolais a cuireadh in iúl duit le linn na cuairte sin. **(4 mharc)**

**(c)** Céard iad na bearta ba cheart a dhéanamh le cinntiú go ndéantar an chuairt a eagrú agus a rith go héifeachtach? **(8 marc)**

**(d)** Déan cur síos ar na dúshláin atá roimh an fiontar gnó seo agus conas is féidir iad a shárú.

**(9 marc)**

**C.5** **25 marc**

*Iarradh ar do rang Nascmhodúl airgead a bhailiú ar son carthanachta de bhur rogha.*

**(a)** Ullmhaigh an clár don chéad chruinniú chun an ghníomhaíocht bailithe airgid a phleanáil agus a eagrú. **(4 mharc)**

**(b)** Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach pleanáil i gcomhair na gníomhaíochta seo? **(4 mharc)**

**(c)** Céard iad na buntáistí a bhaineann le tionscadal ranga a dhéanamh seachas tionscadal aonair a dhéanamh? **(9 marc)**

**(d)** Déan cur síos ar **cheithre** réimse eolais a chuirfeá i gcorp na tuarascála faoin ngníomhaíocht seo.

**(8 marc)**

**C.6** **25 marc**

*A bhuí leis an teicneolaíocht, tá daoine nasctha le chéile i ndomhan an ghnó sa lá atá inniu ann.*

**(a)** Cén fáth a bhfuil scileanna Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) tábhachtach i ndomhan an ghnó sa lá atá inniu ann? **(4 mharc)**

**(b)** Liostaigh **ceithre** shlí ar úsáid tú TFC le linn GCAT. **(4 mharc)**

**(c)** Déan plé ar **dhá** bhuntáiste agus ar **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáid i gcás fostaí atá ag obair ón mbaile. **(8 marc)**

**(d)** Conas is féidir le gnólacht an costas a mhaoiniú a bhaineann le TFC a uasghrádú agus a fheabhsú ina n-eagraíocht?

**(9 marc)**

**C.7** **25 marc**

*Tá ról fíorthábhachtach ag ceardchumainn i ndea-chaidreamh tionsclaíoch a chothú.*

**(a)** **(i)** Céard is ceardchumann ann?

**(ii)** Ainmnigh ceardchumann **amháin**. **(4 mharc)**

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste d'fhostaí a bhaineann le bheith mar bhall de cheardchumann. **(4 mharc)**

**(c)** Céard iad na freagrachtaí a bhíonn ar fhostóirí agus iad ag fostú oibrithe ina ngnólacht?
**Ceithre** phointe ag teastáil. **(8 marc)**

**(d)** Mínigh **trí** thionchar ar ghnólacht de bharr droch-chaidreamh tionsclaíoch idir oibrithe agus an lucht bainistíochta. **(9 marc)**

**Féadfar an leathanach seo a úsáid i gcomhair obair bhreise.**

**Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.**

**Féadfar an leathanach seo a úsáid i gcomhair obair bhreise.**

**Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.**

**Féadfar an leathanach seo a úsáid i gcomhair obair bhreise.**

**Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.**

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D’fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d’fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Gairmchlár na hArdteistiméireachta – Comhleibhéal

# Scrúdú na Nascmhodúl

Dé Céadaoin 30 Aibreán

Maidin 10:00 - 12:30